V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra maidir le comhchruinniú

(Cás M.10633 – SUEZ / ACEA / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 306/08)

1. An 4 Lúnasa 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Suez S.A. ("Suez", an Fhrainc),

— Acea S.p.A. ("Acea", an Iodáil),

— JV (an Iodáil).

Gheobhaidh Suez agus Acea rialú comhpháirteach ar JV de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna i gcuideachta nuabhunaithe, cuideachta atá ina comhfhiontar, atá an comhchruinniú á dhéanamh.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Suez gníomhach ar fud an domhain i soláthar seirbhísí bainistithe uisce, i dtáirgeadh agus i ndáileadh uisce óil agus in aisghabháil fuíolluisce le haghaidh custaiméirí poiblí. Tá Suez gníomhach freisin i mbailiú, sórtáil, athchúrsáil, diúscairt agus cóireáil dramhaíola, agus déanann sé seirbhísí forbartha uirbeacha a sholáthar.

— Tá Acea gníomhach san Iodáil i soláthar seirbhísí comhtháite uisce, i ndáileadh leictreachais, i soilsiú poiblí agus ealaíonta, i ndíol leictreachais agus gáis nádúrtha, i dtáirgeadh fuinnimh, i ndiúscairt dramhaíola agus in aisghabháil fuinnimh ó dhramhaíl.

3. Déanfaidh JV córas méadrúcháin nuálach a dhearadh le haghaidh seirbhísí uisce agus déanfaidh sé é a thráchtálú ina dhiaidh sin.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10633 – SUEZ / ACEA / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

an Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/an Bhruiséil
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.